
Gníomhaíocht 1

# Róil Éagsúla

## Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta



### Mapaí Dul Chun Cinn

Cumarsáid a Dhéanamh Mar is Cuí

Fadhbréiteach agus Dul sa tSeans ar Mhaithe Leis an Fhoghlaim

Ag Obair le Daoine Eile

### Scil Traschuraclaim

Cumarsáid

### Réimsí Foghlama

**Bunscoil**

Na hEalaíona: Drámaíocht

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

**Iar-bhunscoil**

Foghlaim don tSaol agus don Obair: Saoránacht, Infhostaitheacht agus Forbairt Phearsanta

### Toradh Foghlama

Aithneoidh agus úsáidfidh na foghlaimeoirí dóigheanna cuí le cumarsáid a dhéanamh i gcásanna éagsúla.

### Áiseanna atá de Dhíth

**Áis 2:** Cártaí don Rólghlacadh

### Eagrú an Ranga

Gníomhaíocht ghrúpa

Gníomhaíocht bheirte

## Cur Síos

Fiosróidh na foghlaimeoirí na dóigheanna a ndéanann daoine cumarsáid i bpoist éagsúla agus déanfaidh siad machnamh ar dhóigheanna cuí le cumarsáid a dhéanamh.

### An Ghníomhaíocht

- Mar rang, déanaigí liosta de na daoine éagsúla a mbíonn na foghlaimeoirí ag labhairt leo le linn an lá scoile, ar nós cairde, múinteoirí agus mná lóin.
- Ansin amharc ar na daoine a labhraíonn siad leo taobh amuigh den scoil agus ar na poist atá acu, agus smaoinigh ar na fáthanna a bhfeiceann siad na daoine seo.
- Déan rólghlacadh le duine fásta eile, cuairt ar an fhiaclóir mar shampla, agus iarr ar na foghlaimeoirí a rá cén ról atá ag gach duine agaibh.
- Iar ar na foghlaimeoirí focail nó frásaí a mholadh a thiocfadh leo a úsáid sa rólghlacadh; b'fhéidir go ndéarfadh siad mar shampla, 'fiacla', 'Oscail do bhéal' agus 'An bhfuil sé nimhneach?'
- Déan péirí den rang. Bain úsáid as na cártaí in Áis 2 agus iarr ar gach péire rólghlacadh a dhéanamh sa dóigh go mbeidh na páistí eile sa rang ábalta a thomhas cén ról atá acu.
- Bíodh deis ag na foghlaimeoirí an rólghlacadh a dhéanamh os comhair an ranga. Pléigí an cineál teanga a úsáideadh agus an dóigh ar chuir siad a ról i láthair.


### Smaointe don Difreáil

**An Leibhéal Deacrachta a Ísliú**


- Tabhair scripteanna gairide do na foghlaimeoirí lena léamh amach agus iarr orthu smaoineamh ar an ghuth a thiocfadh leo a úsáid i ngach ról.
- Tabhair róil do na foghlaimeoirí agus mol eochairfhocail a thiocfadh leo a úsáid.
- Labhair faoi chomharthaíocht choirp agus pléigh an dóigh a mothaíonn na foghlaimeoirí nuair a bhíonn duine ina sheasamh róchóngarach dóibh nó nuair a úsáideann duine gothaí gnúise éagsúla.

**An Leibhéal Deacrachta a Ardú**

- Spreag na foghlaimeoirí le machnamh agus cur síos a dhéanamh ar do ghuth agus ar do thuin chainte agus ar an chomharthaíocht choirp a úsáidtear i gcásanna éagsúla.
- Bíodh réimse níos leithne cásanna ann don rólghlacadh; mar shampla agallamh poist agus cruinniú le bainisteoir bainc.
- Lig do na foghlaimeoirí cásanna deacra a léiriú a bhfuil coimhlint nó fadhbréiteach i gceist iontu agus machnamh a dhéanamh ar an dóigh is fearr le gach cás a réiteach.



siúil




amharc




suigh mar is ceart



suigh ar an urlár




suigh síos



déanaigí líne


# Áis 1: **Leideanna Amhairc**




súgradh




am oibre




turas




am ciorcail



glanadh suas




tionól




**leithreas**




**nigh do lámha**




**ag léamh**



**ag déanamh rogha**




**gearr agus greamaigh**




**obair bhaile**


# Áis 1: **Leideanna Amhairc**




**seal s'agamsa**




**seal s'agatsa**




**am smaointeoireachta**




**ag roinnt**




**cairde**




**An dtig liom súgradh?**




**deoch**




**bia**




**lón**



**sos**




**cuir ort do chóta**




**bain díot do chóta**


# Áis 1: **Leideanna Amhairc**



**áthas**




**brón**



**fearg**




**tuirse**




**ocras**



**tinn**



imní




eagla



Dia duit



slán




go raibh maith agat




le do thoil


# Áis 1: **Leideanna Amhairc**




éist




ciúnas




labhair



stop




fan




cuir ceist




tá a fhios agam




níl a fhios agam




ba mhaith liom



níor mhaith liom




rinne mé dearmad




tá cuidiú de dhíth orm


# Áis 1: **Leideanna Amhairc**




is maith liom




ní maith liom




aontaím




ní aontaím




tuigim




ní thuigim




**ordóga suas**




**ordóga síos**




**maith thú**



**stop**




**déan réidh**




**tosaigh**


# Áis 1: **Leideanna Amhairc**



cosc ar ghreim a bhaint



cosc ar bhualadh




cosc ar scairteadh



cosc ar chiceáil




seal i leataobh




déan cuntas go dtí a 10




cuardaigh




iris



leabhair



leabharlann



ríomhaire



aimsigh